
COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL



# PLEAN SEACHADTA SEIRBHÍSE BLIANTÚIL 2025

# CLÁR AN ÁBHAIR:

Ár Misean .... 2

Ár gCroíluachanna .... 3

Réamhrá .... 4

Acmhainní Eagraíochta .... 5

Cuspóirí Straitéiseacha agus Straitéisí Tacaíochta .... 6

Straitéisí agus Gníomhartha Tacaíochta .... 8

- Seirbhísí Corparáideacha, Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch, Athghiniúint agus TFC .... 8
- Tithíocht agus Imeascadh .... 13
- Iompar, An Timpeallacht agus Gníomhú ar son na hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála .... 15
- Airgeadas .... 17
- Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht & Músaem .... 18

# ÁR MISEAN

**Trí cheannaireacht láidir tacóimid le folláine ár bpobail, an caighdeán saol inár bpobail agus feabhsóimid mealltacht Cheatharlach mar áit chun cónaí inti, chun obair inti, chun cuairt a thabhairt uirthi agus chun infheistiú inti, agus cloífimid leis an caighdeáin ionraice, sláine agus chuntasachta is airde.**



# ÁR GCROÍLUACHANNA

### Ceannaireacht Dhaonlathach & Chathartha
Soláthraímid ceannaireacht shoiléir, éifeachtach, dhaonlathach agus chathartha, agus roinnimid eolas le, éistimid le agus freagraímid do dhaoine áitiúla.

### Meas
Caithimid le gach duine go cothrom agus tugaimid aird ar a riachtanais agus ar na hábhair atá ag déanamh imní dóibh.

### Ionchuimsiú Sóisialta
Tá meas againn ar éagsúlacht chultúrtha agus eitneach agus táimid tiomanta do phrionsabail na rochtana comhionainne, na rannpháirtíochta agus na dtorthaí do chách i ndáil le seachadadh seirbhíse.

### Inrochtaineacht
Táimid tiomanta do phrionsabail na Rochtana Uilíche.

### Seirbhísí / Cúram Custaiméirí ar Ardchaighdeán
Déanaimid iarracht ár seachadadh seirbhíse a fheabhsú go leanúnach lena n-áirítear cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, agus leagtar béim shuntasach ar an gcustaiméir agus ar an saoránach agus cinntímid go bhfuil na seirbhísí ar fad bunaithe ar an gcustaiméir agus ar an úsáideoir.

### Comhpháirtíocht
Oibrímid ar bhealach dearfach le gníomhaireachtaí eile agus le pobail áitiúla.

### Trédhearcacht, Cuntasacht & Ionracas
Oibrímid de réir na gcaighdeán iompair agus macántachta is airde, táimid oscailte, cuntasach, oibiachtúil agus déanaimid cinntí neamhchlaonta ar mhaithe le leas an phobail.

### Ár bhFostaithe
Glacaimid leis go bhfuil luach ag baint lenár bhfostaithe agus táimid tiomanta d’fhoireann oibre atá dílis, solúbtha agus nuálach a fhorbairt i dtimpeallacht oibre atá dearfach go leanúnach.

### Nuálaíocht
Táimid toilteanach triail a bhaint as bealaí nua chun gnó a dhéanamh a chuirfidh luach le agus / nó a fheabhsóidh éifeachtúlacht i seachadadh seirbhíse.

### Luach ar Airgead/Acmhainní a Uasmhéadú
Táimid tiomanta don úsáid is éifeachtúla agus is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar, agus ag an am céanna, luach ar airgead a chinntiú.

### Inbhuanaitheacht
Oibrímid ar bhealaí nach gcuireann srian ar riachtanais reatha nó thodhchaíocha na ndaoine agus na bpobal atá ina gcónaí i gContae Cheatharlach.

### Mórtas
Táimid mórtasach as ár gcuid oibre agus as an ról ceannaireachta atá ag Comhairle Contae Cheatharlach i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil an chontae.

# RÉAMHRÁ

**Bhunaigh Alt 50 d'Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, an ceanglas go n-ullmhódh gach údarás áitiúil Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil ina sainaithneofar na seirbhísí atá beartaithe aige a chur ar fáil don phobal sa bhliain amach romhainn.**

Cuirtear Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2023 Chomhairle Contae Cheatharlach i dtoll a chéile i gcomhthéacs fhís uileghabhálach Phlean Chorparáideach 2019-2024. Sa Phlean Corparáideach leagtar amach Misean, Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Cuspóirí Straitéiseacha Chomhairle Contae Cheatharlach i gcomhair tréimhse cúig bliana.

Tá an Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil mar bhonn leis an cuspóirí sin agus sainaithnítear ann, le spriocanna intomhaiste, na príomhsheirbhísí atá beartaithe ag Comhairle Contae Cheatharlach a chur ar fáil i rith na bliana.

Cuirtear san áireamh sna gníomhaíochtaí atá le fáil sa Phlean Seachadta Seirbhíse na tosaíochtaí ar comhaontaíodh orthu i rith an phróisis bhuiséid bhliantúil augs beidh siad faoi réir na n-ionad costais seirbhíse agus fosheirbhíse caiteachais mar atá sonraithe i mBuiséad Bliantúil 2025.

**Coilín O Reilly**
Príomhfheidhmeannach

Tá an Plean Seachadta Seirbhíse seo struchtúrtha ag an stiúrthóireacht agus ag an rannán seirbhíse mar atá sainaitheanta sa Bhuiséad.

- **Seirbhísí Corparáideacha, Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch, Athghiniúint agus TFC**
- **Iompar, An Timpeallacht agus Gníomhú ar son na hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála.**
- **Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Spóirt, Ealaín & Cultúr, Leabharlanna, Músaem & Oidhreacht**
- **Tithíocht agus Imeascadh**
- **Airgeadas**

# ACMHAINNÍ EAGRAÍOCHTA

**Tíolacadh an Buiséad don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus cheadaigh na Baill é ar an 25 Samhain 2022, agus foráiltear ann do chaiteachas iomlán de €67,180,350m. Tá miondealú iomlán de Bhuiséad na Comhairle i gcomhair 2023 ar fáil trí 'Buiséad Bliantúil' a chuardach ar www.carlow.ie.**

Tugtar léargas sa tábla thíos ar Chaiteachas Ioncaim an Rannáin Seirbhíse.

| Rannán | Cur Síos ar an tSeirbhís | Buiséad 2022 | Buiséad 2023 | % den Bhuiséad |
|---|---|---|---|---|
| A | Tithíocht & Foirgníocht | 17,905,424 | 19,969,766 | 30% |
| B | Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 13,862,214 | 14,789,732 | 22% |
| C | Seirbhísí Uisce | 4,660,550 | 4,938,469 | 7% |
| D | Bainistíocht Forbartha | 6,459,110 | 7,140,183 | 11% |
| E | Seirbhísí Timpeallachta | 7,140,475 | 8,263,600 | 12% |
| F | Caitheamh Aimsire & Taitneamhacht | 4,406,605 | 5,418,811 | 8% |
| G | Talmhaíocht, Bia & Mara | 317,460 | 271,572 | 0% |
| H | Seirbhísí Ilghnéitheacha | 7,482,360 | 6,388,216 | 10% |
| **Iomlán** | | **€62,234,200** | **€67,180,350** | **100%** |

Ceann de mhórfhoinsí ioncaim na Comhairle iad rátaí tráchtála agus meastar gur fiú €15.73 milliún iad in 2023. Tá an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (ARV) cothrom le €0.27 in 2023. Lena chois sin, tá an leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúil i gcomhair 2023 cothrom le díreach os cionn €6.3 milliún. Díríonn an Plean Seirbhíse seo ar na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil ar bhonn laethúil agus atá á maoiniú ón mBuiséad Ioncaim.

# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA AGUS STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

**Is ionann cuspóirí straitéiseacha na Comhairle mar atá leagtha amach i bPlean Corparáideach 2024-2029 liostaithe thíos, agus cuspóirí ardleibhéil atá ábhartha do gach stiúrthóireacht agus do gach feidhm den Chomhairle. Tabharfaidh an fhoireann ar fad aird ar na cuspóirí straitéiseacha seo nuair a bheidh siad ag idirghníomhú leis na páirtithe leasmhara ar fad.**

| Cuspóir Eagraíochta Straitéiseach | Straitéisí Tacaíochta |
|---|---|
| 1. Forbairt chothrom agus inbhuanaithe a dhéanamh | Ag féachaint do Phlean Forbartha Contae 2022-2028, tuilleadh forbairt a dhéanamh ar Cheatharlach ar bhealach cothromaithe, trí phleanáil fhorchéimnitheach agus trí bhonneagar riachtanach a chur ar fáil.<br><br>Tacú le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe i gCeatharlach ionas gur suíomh maith a bheidh ann d'infheistíocht agus do chruthú poist.<br><br>Tacú leis an aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe agus taisteal gníomhach a mhéadú |
| 2. Leanúint ar aghaidh le seachadadh tithíochta inbhuanaithe a éascú agus tacú lena leithéid chun riachtanais ár bpobal a chomhlíonadh | An clár Tithíocht do Chách a sheachadadh agus pleananna éifeachtacha a dhéanamh le haghaidh riachtanas tithíochta ár saoránach ar fad agus na riachtanais tithíochta sin a chomhlíonadh. |
| 3. Tacú lenár bpobail chun forbairt a dhéanamh go hinbhuanaithe | Cúrsaí a phlé le pobail agus tacú le pobail chun sócmhainní pobail a fhorbairt chun an caighdeán beatha a fheabhsú do gach duine.<br><br>Tacú le tionscnaimh idirghníomhaireachta chun pobail shábháilte, fháilteacha agus nasctha a chruthú. |

| Cuspóir Eagraíochta Straitéiseach | Straitéisí Tacaíochta |
|---|---|
| 4. Seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí atá éifeachtúil, éifeachtach agus inrochtana | Leanúint ar aghaidh leis an tslí a bhfuil ár seirbhísí á seachadadh againn a fheabhsú, luach ar airgead a sholáthar mar aon le cuntasacht i ndáil le cinntí agus caiteachas.<br><br>Eolas a roinnt le saoránaigh faoin raon éagsúil seirbhísí atá á chur ar fáil ag Comhairle Contae Cheatharlach gus faoin tslí is féidir rochtain a fháil orthu.<br><br>Aird a thabhairt ar an Straitéis Náisiúnta TFC agus Dhigiteach tríd an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as an teicneolaíocht agus trí dhea-chleachtas a chur chun feidhme chun ár seirbhísí a fheabhsú.<br><br>Aird a thabhairt ar Chód Rialachais an Údaráis Áitiúil agus a chinntiú go bhfuil oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh, lena n-áirítear inter alia, RGCS, Nochtuithe Cosanta agus SF etc. |
| 5. Tacú le daonlathas áitiúil agus é a fheabhsú | Tacú le Baill Tofa agus le hionadaithe pobail chun a róil a chomhlíonadh laistigh dár struchtúir dhaonlathacha. |
| 6. Ár dtimpeallacht a chosaint, tógtha agus nádúrtha, agus aird a thabhairt ar ár bhfreagrachtaí don phláinéad | Aird a thabhairt ar ár bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht agus oibleagáidí an Phlean Oidhreachta nuair a bhíonn ár seirbhísí, tionscadail, pleananna agus polasaithe á seachadadh againn. |

# STRAITÉISÍ AGUS GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA

| Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Sláinte & Sábháilteacht, Forbairt Eacnamaíoch & TFC | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Gnóthaí Corparáideacha** | Ceannaireacht rialachais chorparáidigh a chur ar fáil do na Comhaltaí Tofa, fostaithe agus custaiméirí | • A chinntiú go gcuirtear gach tuairisceán agus dearbhú isteach<br>• Monatóireacht rialta agus éifeachtach ar shonraí agus ar thuairisceáin |
| **Gnóthaí Corparáideacha** | Mórathrú Eagraíochta a Bhainistiú | • A bheith ag súil le hathrú agus pleanáil a dhéanamh dá leithéid tríd an bhFoireann Ilréimsiúil<br>• Leanúint ar aghaidh leis an gclár oibre Nuachóirithe a chur chun feidhme i gcomhar leis an bhFoireann Bainistíochta, na Baill Foirne agus na Ceardchumainn |
| **Gnóthaí Corparáideacha** | Seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí. | • A chinntiú go bhfuil a leithéid á chur chun feidhme ag gach fostaí |
| **Acmhainní Daonna** | Earcaíocht, oiliúint agus forbairt líon oiriúnach ball foirne cáilithe chun freastal ar riachtanais na heagraíochta sa lá inniu ann agus amach anseo | • Glacadh le cur chuige Straitéiseach atá bunaithe ar Acmhainní Daonna, tairbhe a bhaint as dea-chleachtas i ndáil le hearcú, oiliúint agus forbairt foirne<br>• Caidreamh tionsclaíoch cobhsaí a chothabháil<br>• Pleanáil leanúnach na foirne oibre<br>• A bheith ag feidhmiú mar rogha fostóra |
| **Acmhainní Daonna** | Pleanáil na Foirne Oibre | • Forálacha Phlean na Foirne Oibre a chur chun feidhme |

| Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Sláinte & Sábháilteacht, Forbairt Eacnamaíoch & TFC | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Pleanáil** | Pleanáil Chun Cinn: Pleanáil chuí, éifeachtach agus forbairt chothrom, inbhuanaithe ceantar uirbeach agus tuaithe a chinntiú. | • Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Forbartha Chontae Cheatharlach 2022-2028 agus athruithe féideartha a d'fhéadfadh a bheith le cur i bhfeidhm ar an bPlean.<br>• Críoch a chur le hathbhreithnithe ar na Pleananna Ceantair Áitiúla do An Tulach agus Muine Bheag / An Dair Ríoga. |
| **Pleanáil** | Bainistíocht agus Forfheidhmiú Forbartha: Pleanáil éifeachtach, chuí agus forbairt chothrom, inbhuanaithe ceantar uirbeach agus tuaithe a chinntiú trí sheirbhísí bainistíochta forbartha éifeachtúla. | • Céatadán na n-iarratas ina raibh an cinneadh deimhnithe (le nó gan athrú) ag An Bord Pleanála<br>• Iarratais phleanála, fógraí agus comhairliúcháin Chuid VIII a phróiseáil go héifeachtúil agus de réir na reachtaíochta ábhartha.<br>• Leanúint ar aghaidh le saineolas agus le treoir a chur ar fáil trí sheirbhís réamhphleanála<br>• Líon na gcruinnithe réamhphleanála reáchtáilte.<br>• Monatóireacht agus tuairisciú ar chomhlíonadh a dhéanamh laistigh den tréimhse ama reachtúil<br>• Céatadán na n-iarratas comhlíonta réitithe laistigh de thréimhsí ama reachtúla.<br>• Céatadán na gcásanna forfheidhmithe pleanála dúnta (i gcomparáid le líon na gcásanna a ndearnadh imscrúdú orthu) |
| **Pleanáil** | Athfhorbairt agus athghiniúint na dtailte criosaithe do chríocha cónaithe a spreagadh agus athúsáid Maoine Foilmhe / Láithreán Folamh a spreagadh mar aon le feabhsú Láithreán Tréigthe | • Forálacha a bhaineann le Cáin Talaimh Chriosaithe Chónaithe a chur chun feidhme.<br>• Líon na réadmhaoine athghníomhachtaithe mar gheall ar fhorálacha CTCC.<br>• Clár na Láithreán Tréigthe a chothabháil agus a nuashonrú.<br>• Líon na láithreán tréigthe bainte den chlár<br>• Líon na gceantar / na láithreán athfhorbartha trí úsáid a bhaint as maoiniú athghiniúna tuaithe agus uirbí |

| Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil,<br>Sláinte & Sábháilteacht, Forbairt Eacnamaíoch & TFC | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Pleanáil** | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Ranníocaíochta Forbartha. | • Glacadh leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha in 2025 |
| **Pleanáil** | Seirbhísí do Chustaiméirí a fheabhsú trí theicneolaíocht nua a úsáid. | • Leanúint ar aghaidh le r-phleanáil a chur chun feidhme. Comhaid stairiúla a dhigitiú chun inrochtaineacht agus trédhearcacht a fheabhsú. |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le hinbhuanaitheacht, le forbairt agus le feabhsú Eacnamaíoch Fiontar i gContae Cheatharlach trí Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse Fhiontraíocht Éireann a sheachadadh i ndáil le tacar tacaíochtaí agus deontas forbartha acmhainne na hOifige Fiontair Áitiúil. | • Tacú le cultúr fiontraíochta i gContae Cheatharlach trí rannphairtíocht<br>• Suirbhé Fostaíochta Bliantúil<br>• Méadracht Scórchárta Fhiontraíocht Éireann Comhlíonta<br>• Athbhreithniú Bliantúil ar Mhéadracht & Tionchar OFÁ<br>• Athbhreithniú Bliantúil ar an Straitéis Forbartha Eacnamaíche & Tacaíochta Gnó |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le heagraíochtaí pobail a reáchtálann féilte agus imeachtaí pobalbhunaithe a mheallann cuairteoirí seachtracha chun clár féilte agus imeachtaí á stiúradh ag an gComhairle a óstáil | • Líon na Deontas Féilte & Imeachtaí Bronnta<br>• Líon na n-imeachtaí reáchtáilte ag Comhairle Contae Cheatharlach |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le húinéirí maoine tráchtála chun a sráid-dreach agus eispéireas custaiméirí a fheabhsú ar fud Chontae Cheatharlach | • Líon na nDeontas Sráid-dreacha curtha ar fáil<br>• Clár Gnó Aoisbháúil a fhorbairt<br>• Clár 'Siopadóireacht Áitiúil'/'Siopadóireacht i gCeatharlach' a sheachadadh |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le forbairt Fiontar Turasóireachta i gContae Cheatharlach trí Chlár Bliantúil a chur ar fáil i dteannta le Turasóireacht Cheatharlach | • Cúnamh Airgeadais curtha ar fáil do Thurasóireacht Cheatharlach<br>• Comhaontú & Monatóireacht ar Phlean Bliantúil Thurasóireacht Cheatharlach<br>• Rannpháirtíocht le Turasóireacht Cheatharlach i ndáil le seachadadh na Straitéise Turasóireachta |

| Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Sláinte & Sábháilteacht, Forbairt Eacnamaíoch & TFC | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le forbairt Páirceanna Gnó, Ionad Fiontar & Mol Nasctha | • Forbairt inbhuanaithe Ionaid Fiontraíochta Pobail Cheatharlach CTR<br>• Iarratais a fhorbairt faoin Scéim CAFT (*Presentation House*) & Réigiúin CHLISTE (*Campas Catalyst*).<br>• Scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le páirceanna gnó a fhorbairt. |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le seachadadh clár atá á maoiniú go díreach ag an Aontas Eorpach a fheabhsaíonn cláir atá á maoiniú go náisiúnta agus go háitiúil ag Comhairle Contae Cheatharlach | • Iarratas ar Thionscadal AE a fhorbairt mar chomhpháirtí comhlachaithe.<br>• Maoiniú do thionscadal AE a chur ar fáil ar bhonn ilréimsiúil. |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Tacú le Clár Oibre an Oirdheiscirt trí rannpháirtíocht ghníomhach i dTionscadal Oirdheisceart na hÉireann | • An Plean Post Réigiúnach a chur chun feidhme<br>• Iarratais a fhorbairt don Chiste Forbartha Fiontair Réigiúnach |
| **Forbairt Eacnamaíoch** | Feachtais phromóisin do Chontae Cheatharlach atá dírithe ar infheistíocht agus ar chuairteoirí a reáchtáil agus tacú leo | • Tacú le seachadadh feachtas margaíochta atá dírithe ar an gcuairteoir trí thacú le Turasóireacht Cheatharlach le Feachtais Phromóisin sa Chontae<br>• Ábhair mhargaíochta infheistíochta isteach a fhorbairt trí chur chuige comhoibritheach |
| **Tús Áite do Lár an Bhaile & Athghiniúint** | An Beartas 'Tús Áit do Lár an Bhaile' a chur chun feidhme agus a sheachadadh | • Plean Thús Áite do Lár an Bhaile Mhuine Bheag a ullmhú agus a cheadú.<br>• Maoiniú a fháil chun dlús a chur le tionscadail a sainaithníodh sna Pleananna Tús Áite do Lár an Bhaile |
| **Tús Áite do Lár an Bhaile & Athghiniúint** | Sonraí folúntais a bhailiú, a mhonatóiriú agus a mheas go háitiúil.<br><br>Sonraí a úsáid chun rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine agus chun tacú le scéimeanna chun gníomhachtú réadmhaoine a spreagadh | • Suirbhéanna a dhéanamh i ngach eastát tithíochta<br>• Spriocanna atá sonraithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chomhlíonadh |

| Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Pleanáil, Sláinte & Sábháilteacht, Forbairt Eacnamaíoch & TFC | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Tús Áite do Lár an Bhaile & Athghiniúint** | Cumarsáid, cur chun cinn agus treoir ghníomhach maidir le tairbhe a bhaint as tionscnaimh, scéimeanna agus maoiniú éagsúil chun déileáil le folúntas agus chun a chinntiú go mbeidh úsáid chónaithe á baint as réadmhaoin fholamh | • Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus le rolladh amach na dtionscnamh agus na scéimeanna seo a leanas – Deontas Athchóirithe Réadmhaoin Fholamh Chroí Cónaithe agus an Scéim Réidh le Tógáil, an Scéim Deisiúcháin & Léasa, agus an Scéim Ceannaigh & Athnuachana. |
| **Tús Áite do Lár an Bhaile & Athghiniúint** | Athfhorbairt agus athúsáid réadmhaoin fholamh agus thréigthe a chumasú | • Spriocanna atá sonraithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sna hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh a chomhlíonadh |
| **Tús Áite do Lár an Bhaile & Athghiniúint** | Lántairbhe a bhaint as sruthanna maoinithe atá ar fáil | • Iarratais mhaoinithe a ullmhú agus a chur isteach de réir Gairmeacha Náisiúnta<br>• Tionscadail a sheachadadh faoin shruthanna maoinithe éagsúla |
| **TFC** | Bonneagar TFC ceannródaíoch a sholáthar<br><br>Tacú le feidhmeanna Chomhairle Contae Cheatharlach trí réitigh TFC nuálacha | • Straitéis TF agus Dhigiteach a chur chun feidhme<br>• A chinntiú go bhfuil na bearta a bhfuil cur síos déanta orthu sna straitéisí tacaíochta á gcur chun feidhme ar bhealach nuálach |
| **Sláinte & Sábháilteacht** | Timpeallacht oibre atá sláintiúil agus sábháilte a sholáthar<br><br>Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair gach fostaí a chinntiú, a mhéid agus is féidir le réasún. | • Athbhreithniú, nuashonrú agus cur chun feidhme leantach Ráiteas Sábháilteachta etc. Feasacht a mhúscailt ar Shláinte & Sábháilteacht ag an obair trí chláir oiliúna agus folláine foirne a sholáthar |

| Tithíocht agus Imeascadh | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Tithíocht** | Seachadadh clár tithíochta sóisialta agus inacmhainne a sholáthar agus a éascú lena n-áirítear tacaíochtaí tithíochta sóisialta agus tacú le roghanna úinéireachta tí chun freastal ar riachtanais chóiríochta daoine sa Chontae | • Dlús a chur le spriocanna tithíochta éagsúla faoin gclár Tithíocht do Chách<br>• Dlús a chur le seachadadh spriocanna de réir Chlár Cóiríochta an Lucht Siúil 2025-2029<br>• An Clár Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a chur chun feidhme<br>• An Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) a chur chun feidhme<br>• Iarratais ar Iasacht Tí ó Údarás Áitiúil a phróiseáil<br>• An Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí a phróiseáil<br>• An Polasaí Leithdháilte Tithíochta a athbhreithniú<br>• An Scéim Cíosanna Difreálacha a athbhreithniú<br>• An Scéim Rogha Tithíochta a scrúdú |
| **Tithíocht** | Leanúint ar aghaidh ag freagairt d'easpa dídine trí pholasaithe agus bearta coisc a chur chun feidhme chun an gá atá le cóiríocht éigeandála a laghdú | • Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean agus seirbhísí coisc easpa dídine a sholáthar<br>• An tseirbhís Place-Finder ÍCT a chur ar fáil<br>• Plean Gníomhaíochta Easpa Dídine Réigiún an Oirdheiscirt 2023-2026 a chur chun feidhme<br>• Plean Náisiúnta Feidhmithe Tithíocht ar dTús a chur chun feidhme<br>• Scrúdú a dhéanamh ar chóiríocht shealadach Do Dhoras Tosaigh Féin a fhorbairt |
| **Tithíocht** | Roghanna agus tacaíochtaí oiriúnacha a chur ar fáil do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas chun iad a chumasú chun cónaí ina dteach féin | • Na cuspóirí atá sonraithe i Straitéis do Dhaoine faoi Mhíchumas Chomhairle Contae Cheatharlach 2022-2027 a sheachadadh<br>• Deontais Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta a phróiseáil<br>• Deontais Oiriúnaithe Tithe agus Deontais Áiseanna Soghluaisteachta a phróiseáil<br>• Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas a phróiseáil |

| Tithíocht agus Imeascadh | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Tithíocht** | Tacú le dea-chleachtais tithíochta agus bainistíochta eastáit chun caighdeáin chóiríochta a fheabhsú do theaghaisí poiblí agus do chóiríocht phríobháideach ar cíos | • Spriocanna a sheachadadh faoin gClár Náisiúnta Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh<br>• Spriocanna atá le fáil i bPlean Feidhmithe na dTeaghaisí Príobháideacha ar Cíos a sheachadadh<br>• Tús a chur le suirbhé ar Bhail Stoic Tithíochta don stoc tithíochta sóisialta<br>• Cur chuige cothabhála pleanáilte a fhorbairt do chothabháil leanúnach an stoic tithíochta shóisialta<br>• Polasaí Iompraíochta Frithshóisialta Chomhairle Contae Cheatharlach a chur chun feidhme<br>• Leanúint ar aghaidh le Tacaíocht Idirchaidrimh do Thionóntaí a chur ar fáil chun a chinntiú go leantar ar aghaidh le tionóntachtaí agus go dtacaítear le cleachtais bhainistíochta eastáit mhaithe |
| **Imeascadh** | Soláthar tacaíochta a chomhordú chun cur ar chumas daoine nua atá tagtha isteach sa chontae maireachtáil go neamhspleách sa phobal | • Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann a chur chun feidhme<br>• Oibriú i gcomhpháirt leis an bhFóram um Imeascadh Pobail chun tacaíochtaí imeasctha a sholáthar<br>• Na príomhtháscairí feidhmíochta riachtanacha a chomhlíonadh<br>• Leanúint ar aghaidh le ról bainisteora caidrimh a sholáthar chun tacú leo siúd atá ag glacadh páirt sa Scéim 'Tairg Baile'<br>• Dlús a chur le tionscadail faoin gCiste Aitheantais Pobail |

| Iompar, An Timpeallacht & Gníomhú ar son na hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta & Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Bóithre & Iompar Inbhuanaithe** | Cothabháil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla | • Clár Oibreacha Bóthair Ilbhliantúil a chur i gcrích do Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla, Droichid, Oibreacha feabhsaithe sábháilte & Draenála.<br>• Scéim Náisiúnta Cosáin Bóithre – N81 Baile Oilibhéir agus & N80 An Muileann Bán<br>• Conradh a chur chun feidhme do shainchomhairleoirí dearaidh chun dlús a chur le céim 1-4 de Bhóthar Faoisimh an Deiscirt Cheatharlach<br>• Dlús a chur le scéim don N80 Lúba Leamhaí, Iarratais phleanála agus OCÉ curtha isteach ar an 3 Nollaig 2024.<br>• Dlús a chur le Scéim Sábháilteachta na Darach Ríoga ar an R448, dearadh, faomhadh, maoiniú. |
| **Bóithre & Iompar Inbhuanaithe** | Comhfhorbairt áite, feabhsú bailte & sráidbhailte – A chinntiú gur áit iontach í Ceatharlach chun cónaí inti, chun obair inti agus chun cuairt a thabhairt uirthi. | • Bainistiú Spáis Oscailte - Leanúint ar aghaidh le glantachán sráide, plandú, scéimeanna feabhais i ngach CB.<br>• Éascú agus rialáil leantach seirbhísí agus soláthar acmhainní lena n-áirítear bainistíocht imeachtaí/ceadúnas oscailte bóthair/tuarascálacha pleanála/deontais do thoibreacha/fógraí bearrtha fáil. |
| **Bóithre & Iompar Inbhuanaithe** | Tacú leis an aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe agus taisteal gníomhach a mhéadú | • Clár Taistil Ghníomhaigh 2025 a sheachadadh<br>• Tionscadail phíblíne a fhorbairt chun fad rotharbhealaí & cosán a mhéadú<br>• Tacú le & oibriú le ÚNI chun Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach a fheabhsú agus clár feabhsaithe stad bus a chomhaontú agus a sheachadadh in 2025.<br>• Moil Soghluaisteachta a fhorbairt<br>• Straitéis Feithiclí Leictreacha Réigiúnach a fhorbairt<br>• MOL FL Píolótach a fhorbairt ag Carrchlós Áras an Chontae<br>• Feasacht ar spásúlacht i Lár Bhaile Cheatharlach a fhorbairt trí léarscáil a fhorbairt ina dtarraingítear aird ar amanna aistir trí úsáid a bhaint as modhanna iompair éagsúla. |

| Iompar, An Timpeallacht & Gníomhú ar son na hAeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta & Seirbhísí Éigeandála | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Bóithre & Iompar Inbhuanaithe** | Feabhsuithe Sábháilteachta ar Bhóithre lena n-áirítear Cur Chun Cinn & Oideachas | • Athbhreithniú ar Luasteorainn, na Luasteorainneacha Réamhshocraithe Náisiúnta a Chur Chun Feidhme.<br>• Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur chun feidhme<br>• Seirbhís Maoir Scoile a chothabháil<br>• Oibreacha a chur chun feidhme faoi Scéim Sábháilteachta Ísealchostais – 14 iarratas ar mhaoiniú curtha isteach i gcomhair 2025<br>• Líonraí reatha soilsithe poiblí a chothabháil, 10 lá oibre chun lochtanna tuairiscithe a dheisiú.<br>• Cur chun feidhme leanúnach chonradh TEFSP don chlár iarfheistithe LED ar fud an chontae. |
| **Bóithre & Iompar Inbhuanaithe** | Bainistíocht Tráchta & Páirceáil | • TCanna Cheatharlach a chríochnú agus tús a chur le cur chun feidhme<br>• Measúnuithe Iompair Cheantarbhunaithe ar An Tulach & Muine Bheag a chríochnú<br>• An Fhéidearthacht a bhaineann le Córas Bainistíochta Tráchta Comhtháite do Bhaile Cheatharlach |

| Airgeadas | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Airgeadas** | Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2024 | • Le bheith críochnaithe faoin 31 Márta 2025 |
| **Airgeadas** | Glacadh le Buiséad Bliantúil 2026 | • An próiseas comhairliúcháin reachtúil a éascú<br>• Glac leis laistigh den tréimhse ama forordaithe |
| **Airgeadas** | Leanúint ar aghaidh le méaduithe ar leibhéil bhailithe ioncaim a chothabháil agus a lorg | • % na mbailiúchán le haghaidh rátaí tráchtála, cíosanna agus iasachtaí tithíochta |

| Airgeadas | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Airgeadas** | Clár Caipitil 3 Bliana 2026 -2028 | • Oibriú le Stiúrthóirí Seirbhísí agus le Bainisteoirí tionscadail chun ceanglais mhaoinithe a shainaithint agus a fhoinsiú<br>• Clár Caipitil 3 Bliana a chur faoi bhráid Ball Tofa |
| **Airgeadas** | A chinntiú go bhfuil Barrachas ioncaim ann ag deireadh na bliana | • Cúlchiste ginearálta méadaithe tuairiscithe i Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2025 |
| **Airgeadas** | Tuairisceáin Reachtúla agus Roinne a chur isteach | • Tuairisceáin curtha isteach laistigh den tréimhse ama forordaithe |
| **Airgeadas** | Feabhsuithe ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais (CBA) | • Rannpháirtíocht le GBRÁ i ndáil le tionscadal nuachóirithe CBA |
| **Airgeadas** | Córas feabhsaithe de rialú & de rialachas airgeadais inmheánach | • Moltaí ón Iniúchadh Rialtais Áitiúil<br>• Tacú le feidhm an Choiste Iniúchta agus an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh<br>• Rannpháirtíocht CNMI |
| **Soláthar** | Comhlíonadh méadaithe | • Tuairisciú & maoirseacht tríd an gcoiste stiúrtha soláthair<br>• Anailís ar chaiteachas agus forbairt an chláir conarthaí lárnaigh<br>• Tionscnaimh oiliúna |

| Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht & Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Pobal** | Tacú le agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a éascú i gcomhpháirt le Gníomhaireachtaí Reachtúla agus Neamhreachtúla chun Forbairt Shóisialta agus Eacnamaíoch a chur ar fáil agus a chur chun feidhme tríd an bPróiseas Áitiúil Eacnamaíochta agus Pleanála (PÁEP)<br><br>An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) agus an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER ) | • Monatóireacht & tuairisciú ar ghníomhartha Phlean Feidhmithe 2 bhliain 2023-2025 i ndáil le Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2023-2029<br>• Maoirseacht ar SICAP 2023-2028 a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar agus seachadadh barrmhaith an chláir SICAP a chinntiú agus chomh maith leis sin, a chinntiú go bhfuil príomhspriocanna PTF á gcomhlíonadh i gcomhpháirt le CFPÁ Cheatharlach agus le CFÁ Cheatharlach<br>• Maoirseacht ar Chlár LEADER 2023-2028 a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air<br>• Mar Chomhpháirtí Airgeadais i ndáil le Clár LEADER 2023-2027 gach seiceáil airgeadais a dhéanamh ar thionscadail LEADER, éilimh agus éilimh riaracháin, lena n-áirítear seiceálacha Airteagal 48 a fhorordaítear i Rialacháin AE |
| **Pobal** | Timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus earnáil den tsochaí ról a bheith acu i gCeatharlach sláintiúil a chruthú | • Straitéis Cheatharlach Shláintiúil don tréimhse idir 2023-2026 a chur chun feidhme |
| **Pobal** | Ceatharlach a chur chun cinn mar Chontae Aoisbháúil i gcomhar le Gníomhaireachtaí Reachtúla agus Neamhreachtúla agus Grúpaí Pobail trí Straitéisí Aoisbháúla a chur chun feidhme | • Ullmhú, forbairt agus cur chun feidhme Straitéis Aoisbháúil don tréimhse idir 2025-2029. |

| Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht & Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Pobal** | Guth agus gníomh an Phobail a Chumasú & a Chumhachtú | • Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt agus le hobair struchtúr agus ardán pobail áit a bhfuil an acmhainn agus an deis ag pobail páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht faoi shaincheisteanna a chuireann isteach orthu agus a bhfuil tionchar acu orthu<br>• Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bpróiseas LRP<br>• Leanúint ar aghaidh ag tacú le, ag spreagadh agus ag tabhairt deis do phobail rochtain a fháil ar mhaoiniú & páirt a ghlacadh i ndeiseanna chun gníomhartha a dhéanamh dá bpobal i.e. Bailte Slachtmhara, Mórtas Cine is Ceantair Cheatharlach. Comhoibriú Thuaidh/Theas Mórtas Cine is Ceantair |
| **Pobal** | Tacú le Comhpháirtíocht Sábháilteachta an Phobail Áitiúil | • Comhpháirtíocht Sábháilteachta an Phobail Áitiúil a bhunú<br>• Plean Sábháilteachta an Phobail Áitiúil a ullmhú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme |
| **Comh-pháirtíocht Spóirt** | Rannpháirtíocht i Spóirt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil a Mhéadú | • Glacadh le Plean Spóirt Áitiúil 2025-2029<br>• An Plean Spóirt Áitiúil a chur chun feidhme agus príomhbhéim a leagan ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil, déileáil le bacainní agus lántairbhe a bhaint as saoráidí i gcomhpháirt le Coiste Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Cheatharlach & le Páirtithe Leasmhara ábhartha<br>• Straitéis forbartha spóirt CÁS a chur chun feidhme le príomhréimsí fócais lena n-áirítear; rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil, déileáil le bacainní ar ionchuimsiú agus an úsáid atá á baint as saoráidí a uasmhéadú |

| Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht & Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **Caitheamh Aimsire & Taitneamhacht** | An úsáid atá á baint as taitneamhachtaí áitiúla agus as acmhainní nádúrtha a mhéadú | • Tacú le forbairt oibreacha bonneagair caithimh aimsire in 2025, faoi stiúir na Comhairle agus tionscadail chomhoibritheacha i.e. CLÁR, ORIS agus iarratais a chur isteach faoi gach scéim, más cuí in 2025 agus tionscadail faofa a sheachadadh<br>• Tacú le Mol Pobail Ilfheidhmeach Bhóthar na Tulaí a sheachadadh<br>• Tacú le Mol Gníomhaíochta Uisce Cheatharlach a sheachadadh<br>• Gardaí Tarrthála Samhraidh a sholáthar ag láithreacha snámha ainmnithe. Leanúint ar aghaidh ag obair le Sábháilteacht Uisce Cheatharlach agus le Sábháilteacht Uisce na hÉireann. Baoithe Tarrthála a mhonatóiriú agus a athsholáthar de réir mar is gá.<br>• Plean Caithimh Aimsire Amuigh 2025-2029 a ullmhú agus a fhorbairt le Páirtithe Leasmhara ábhartha agus tionscadail a sheachadadh. |

| Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht & Músaem | | |
|---|---|---|
| **Réimse Feidhme** | **Spriocanna Feidhmíochta** | **Clár Tacaíochta** |
| **An tSeirbhís Ealaíon** | Forbairt ealaíon sa chontae a phleanáil go straitéiseach. Forbairt ealaíon ar fud Chontae Cheatharlach a threorú, a chothú agus a chothabháil | • Níos mó deiseanna don na hEalaíona & do Chultúr sna réimsí seo a leanas - bonneagar, pobal, seirbhísí leabharlainne/músaeim, pleanáil, fiontraíocht áitiúil agus seirbhísí corparáideacha<br>• Níos mó deiseanna coimisiúnaithe agus tacaíochta d’ealaíontóirí<br>• Raon leathan struchtúr tacaíochta do phobail cosúil le Deontais Achtanna Ealaíon, sparánachtaí, oiliúint agus meantóireacht<br>• Níos mó rannphháirtíochta agus deiseanna rochtana chun a chinntiú go mbeidh rath ar na hEalaíona & ar Chultúr<br>• Straitéis Ealaíon 2025-2035 a ullmhú & a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha<br>• An Clár Ealaíon a bhainistiú<br>• Coimisiúnú Per Cent for Art<br>• Tacú le heagraíochtaí ealaíon áitiúla, pobail agus ealaíontóirí lena n-áirítear Ionaid, Féilte, Glúin an Cheoil, Take a Part Cheatharlach<br>• Cláir Éire Ildánach a Dhearadh & a Chur Chun Feidhme i gcomhpháirt le Ranna eile<br>• Tacú le forbairt saoráidí bonneagair fisiciúla d’ealaíontóirí i bhfoirmeacha ealaíne éagsúla<br>• Iarracht a dhéanamh leanúint ar aghaidh le caidreamh nua a chothabháil & a fhorbairt laistigh dár bpobail & le rannpháirtíocht i ndáil le tionscadail & cláir |

| Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht & Músaem | | |
|---|---|---|
| **Functional Area** | **Performance Goals** | **Supporting Programme** |
| **Leabharlann an Chontae agus an tSeirbhís Cartlainne** | Seirbhís leabharlainne phoiblí, a bhfuil neart acmhainní ar fáil lena haghaidh, a chur ar fáil agus a fhorbairt a chuireann le folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha pobal. | • Plean Forbartha Contae<br>• Plean Corparáideach<br>• Plean Forbartha Leabharlainne<br>• Plean Gnó Bliantúil<br>• Meán-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine<br>• Táscairí Seirbhíse CNMI |
| **Leabharlann an Chontae agus an tSeirbhís Cartlainne** | Foirgnimh agus bailiúcháin leabharlainne a fhorbairt agus a fheabhsú trí fhoinsí maoinithe seachtracha a lorg, clár cothabhála réamhghníomhach agus cur chun feidhme an Bheartais um Fhorbairt an Bhailiúcháin. | • Plean Forbartha Contae<br>• Plean Corparáideach<br>• Plean Forbartha Leabharlainne<br>• Beartas um Fhorbairt an Bhailiúcháin<br>• Táscairí Seirbhíse CNMI |
| **Leabharlann an Chontae agus an tSeirbhís Cartlainne** | Prionsabal na leabharlainne mar ionad do léamh, forbairt agus litearthacht sa phobal a threisiú agus trí fhaisnéis, tacaíochtaí agus cláir a chur ar fáil chun tacú le forbairt litearthachta agus chun léitheoireacht agus litearthacht do chách a chur chun cinn. | • Líon daoine atá rannpháirteach i dtionscnaimh agus i gcláir litearthachta na Leabharlainne.<br>• Plean Forbartha Contae<br>• Plean Corparáideach<br>• Plean Forbartha Leabharlainne<br>• Plean Gnó Bliantúil |
| **Leabharlann an Chontae agus an tSeirbhís Cartlainne** | Rochtain ar sheirbhísí agus ar bhailiúcháin leabharlainne a fheabhsú atá dírithe ar néara-éagsúlacht, ar phobail nua agus ar an nGaeilge. | • Plean Gnó Bliantúil<br>• Meán-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine<br>• Ballraíocht ghníomhach de réir gach duine den daonra<br>• Cuairteanna leabharlainne de réir gach duine den daonra<br>• Eisiúintí de réir gach duine den daonra<br>• Táscairí Seirbhíse CNMI |
| **Leabharlann an Chontae agus an tSeirbhís Cartlainne** | Seirbhísí Staidéar Áitiúil, Ginealais agus Cartlann a fhorbairt tríd an mbailiúchán a fhorbairt, an tairiscint seirbhíse a chur chun cinn, clár caomhnaithe agus digitithe agus an tSeirbhís Ginealais a fheabhsú. | • Plean Forbartha Leabharlainne<br>• Beartas um Fhorbairt an Bhailiúcháin<br>• Plean Gnó Bliantúil<br>• Staitisticí faoi chuairteoirí agus faoi fhiosrúcháin<br>• Táscairí Seirbhíse CNMI |

| Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht & Músaem | | |
|---|---|---|
| **Functional Area** | **Performance Goals** | **Supporting Programme** |
| **Leabharlann an Chontae agus an tSeirbhís Cartlainne** | Oibriú le Ranna na Comhairle Contae agus le heagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun tacú lena gcláir bheartais. | • Plean Corparáideach<br>• Plean Gnó Bliantúil<br>• Staitisticí faoi chuairteoirí agus faoi fhiosrúcháin<br>• Táscairí Seirbhíse CNMI |
| **An Oifig Oidhreachta** | Plean Oidhreachta Cheatharlach 2024-2029 a chur chun feidhme | • Oibriú leis an bhFóram Oidhreachta chun Seimineár Oidhreachta Bliantúil Chontae Cheatharlach a reáchtáil; Céim II den Iniúchadh ar Shéipéil agus ar Reiligí Stairiúla; Tionscnaimh a shainaithint chun rannpháirtíocht idirghlúine a fheabhsú i ndáil le téamaí oidhreachta; Físeán oidhreachta den tSeirbhís Dóiteáin i gContae Cheatharlach a chur i dtoll a chéile |
| **An Oifig Oidhreachta** | Grúpaí pobail a spreagadh chun spéis a léiriú san oidhreacht | • Líonra Chartlann an Phobail Éireannaigh a bhunú sa Chontae; Oibriú le grúpaí pobail chun maoiniú a fháil do Thionscadail Oidhreachta i.e. Deontais d'Oidhreacht Pobail; Imeachtaí na Seachtaine Oidhreachta a Chomhordú; Oibriú leis an bhFoireann Cultúir chun Tionscadal Toibreacha Beannaithe Cheatharlach Ildánach a fhorbairt; Tacú le hAthghiniúint Oidhreachtbhunaithe trí Phlean an Tionscnaimh Baile Oidhreachta a chur chun feidhme - Athghiniúint Oidhreachtbhunaithe do Bhaile Cheatharlach |
| **An Oifig Oidhreachta** | Gníomhartha maidir le hOidhreacht agus maidir leis an Athrú Aeráide a shainaithint agus a chur chun feidhme | • Oibriú trí Chomhairle Contae Cheatharlach agus grúpaí pobail chun maoiniú a shainaithint agus a fháil chun an oidhreacht thógtha sa Chontae a chosaint trí Chiste na Séadchomharthaí Pobail; Úinéirí déanmhas cosanta a spreagadh agus comhairle a chur orthu maidir le maoiniú atá ar fáil; Oibriú le Cartlann an Chontae ar ábhair laistigh den bhailiúchán a bhaineann le bithéagsúlacht agus leis an athrú aeráide. |

| Forbairt Pobail, Caitheamh Aimsire, Taitneamhacht, Ealaíona, Cultúr, Leabharlann, Oidhreacht & Músaem | | |
|---|---|---|
| **Functional Area** | **Performance Goals** | **Supporting Programme** |
| **Músaem an Chontae** | Leanúint ar aghaidh leis na taispeáintí agus leis na taispeántais i Músaem Contae Cheatharlach a nuashonrú.<br><br>Leanúint ar aghaidh le bailiúchán an Mhúsaeim a dhoiciméadú agus a chaomhnú. | • Oibiachtaí nua a chur san áireamh bunaithe ar threoir ó shealbhúcháin chuí a chuireann leis an mbéim atá á leagan ar stair Chontae Cheatharlach.<br>• Bogearraí catalóige sonracha músaeim a fhoinsiú agus a shuiteáil, Córas Bainistíochta Ábhair (CBÁ). |
| **Músaem an Chontae** | Comhordú thionscadal San Willibrord, Éarlamh Lucsamburg, Chéad Aspal na hÍsiltíre, maidir leis an nasc a bhí aige le Contae Cheatharlach. | • Leanúint ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh le Echternach, Lucsamburg.<br>• Cuairteanna ábhartha ar Echternach agus ar Chontae Cheatharlach a chomhordú. |
| **Músaem an Chontae** | Ainmnithe ag Ard-Mhúsaem an hÉireann chun earraí seandálaíochta ón gcontae a bhailiú agus a thaispeáint. | • A bheith ainmnithe faoi acht nua-achtaithe, 'Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023', (a thagann in ionad Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930, agus Leasuithe faoina bhfuil an Músaem ainmnithe faoi láthair). |
| **Músaem an Chontae** | An Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (CCMÉ) arna chomhordú ag an gComhairle Oidhreachta. | • Na caighdeáin a baineadh amach faoi CCMÉ a chothabháil agus a fheabhsú lena n-áirítear polasaithe músaeim ábhartha a nuashonrú a théann in éag i mbliana. |
| **Músaem an Chontae** | Acmhainn stórála agus monatóireacht agus rialuithe Comhshaoil an Mhúsaeim a fheabhsú. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainn stórála an Mhúsaeim.<br>• Trealamh monatóireachta comhshaoil nuashonraithe a shuiteáil sa Mhúsaem agus sna foirgnimh stórála.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe comhshaoil sa Mhúsaem agus sna foirgnimh stórála. |

COMHAIRLE CONTAE
CHEATHARLACH
CARLOW COUNTY COUNCIL

**Áras an Chontae**
**Bóthar Bhaile Átha Í**
**Ceatharlach R93 E7R7**

**059 9170300 | www.carlow.ie**